

## ❁ An Lúibín ❁

22 Lúnasa 2014

### CONVICT WOMEN & ORPHAN GIRLS

[www.convictwomenandorphangirls.com](http://www.convictwomenandorphangirls.com)-filmed in Australia

Taispeáint eipeasóide den tsraith teilifíse: caoga nóiméad  
Ag an gClub Ceilteach, Dé Céadaoin 3 Meán Fómhair, 7.30 pm

Ina dhiaidh sin freagróidh lucht déanta na sraithe, Siobhán Lynam agus Barrie Dowdall, ceisteanna an lucht féachana

Idir na blianta 1787 agus 1853 cuireadh os cionn 25,000 bean an loch amach. B'Éireannaigh iad a leath beagnach agus bhí orthu dul ar thuras 16,000 míle. Thug cuid acu páistí leo agus níor fhill siad abhaile.

I rith an Drochshaoil roghnaíodh os cionn 4,000 dílleachtaí de chailíní in Éirinn agus cuireadh iad mar shaorimircigh chun na hAstráile, áit ar líonmhaire go mór na fir ná na mná.

Tugann an tsraith léargas ar na mná úd agus léiríonn an tábhacht a bhí leo i gcruthú an náisiúin Astrálaigh atá ann anois.



### Seimineár léinn Éireannaigh i gColáiste Newman, Ollscoil Melbourne, 19 Lúnasa 2014

Liz Rushen: 'An Ocean of Uncertainty: Irish female migrants to colonial Australia'


Staráí is ea Liz Rushen a bhfuil speisialtacht déanta aici de mhná a tháinig ó Éirinn go dtí an Astráil roimh an Drochshaoil (féach <http://www.rushen.com.au/>). Is é an leabhar is déanaí uaithi *Colonial Duchesses: The Migration of Irish women to New South Wales before the Great Famine* (Anchor Books, 2014). Ba é seo tús an dara sraith cainteanna de chuid na bliana 2014, agus thug Liz cuntas ar na mná go léir, idir Éireannaigh agus Shasanaigh, a tháinig amach faoin scéim.

Idir na blianta 1832 agus 1836 tháinig timpeall 4,000 bean (agus 3,000 duine acu gan phósadh) chun na hAstráile le cúnamh fordheontas rialtais agus timpeall 1,400 Éireannach ina measc. Bhí coinníollacha le comhlíonadh acu chun an fordheontas a fháil: iad a bheith idir 15 agus 30 bliain d'aois, an tsláinte a bheith acu, ceird nó scil eigin a bheith acu (bhí a lán cailíní déirí ann). Bheadh orthu foirm a líonadh agus í a fháil sínithe ag sagart nó ministir. Ceisteofaí go géar iad féachaint an raibh an mianach cuí iontu sula nglacfaí leo. Ceapadh Coimisinéirí Imirce chun an gnó a riaradh idir na blianta 1831 agus 1832, agus lean Coiste Imirce Londan iad idir na blianta 1833 agus 1836. De réir na scéime mar a bhí sí ar dtús, d'íocfadh an rialtas £6 sular imigh an bhean agus £6 eile nuair a tháinig sí i dtír, agus bheadh uirthi £5 eile a íoc í féin.

Bhí na húdaráis ag cuimhneamh ar an easpa mhór ban a bhí ar na coilíneachtaí: sa bhliain 1828 b'fhir iad 73% de phobal New South Wales agus sa bhliain 1834 b'fhir iad 71% de phobal Van Diemen's Land. I gceantair éigin den Astráil ba dhifriocht 20:1 idir fir agus mná. Ar dtús bhí na húdaráis ag smaoinemh ar mhná bochta a sheoladh amach ach ba ghearr gur tosaigh mná meánaicmeacha ag baint tairbhe as an scéim. Is minic a tháinig siad lena muintir agus thugaidís litreacha leo a chuirfeadh in aithne do mhaithe na gcoilíneachtaí iad. Uaireanta dhéanfaidís athchomhairle agus d'fhanfaidís sa bhaile, ach thabharfadh an long a gcuid bagáiste léi de dhearmad.

Is minic nach bhfáiltíodh na coilínigh féin roimh na mná a tháinig amach faoin scéim. Dhíoltaí tailte coilíneacha chun an scéim a choinneáil ar bun, ach ní raibh cead ag na coilínigh na mná a roghnú. Tháinig cuid de na mná lena muintir, mar a dúradh thuas, ach tháinig mná eile ina n-aonar, agus shíl Liz gur chuir mná neamhspleácha inní ar fhir i bhfianaise chultúr na linne. Ní raibh na coilínigh sásta na mná a mheas de réir a gcuid scileanna, cé gur mar sin a mheastaí na fir.

Mná ó Éirinn is mó a bhíodh á maslú – ‘ruining all classes of the population’ agus ag truailliú pobal daoránach a bhí faoi smál cheana. Cúig long as na cúig long déag a thug na himircigh leo tháinig siad go díreach ó Éirinn, cé go raibh roinnt Éireannach ar longa eile. Bhí Gaeilge ag cuid mhaith de na mná úd agus gan Béarla ar bith ag roinnt acu. Ba choitianta an rud dóibh athdhaoránaigh Shasanacha a phósadh.



## GLAOCH AR PHÁIPÉIR

*Ireland's Others: Diversity in History and Culture*

An 21ú Comhdháil Astraláiseach Léinn Éireannaigh  
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad  
18–20 Meitheamh 2015

Is é téama na Comhdhála an éagsúlacht. Tá seisiúin le bheith ann faoin gCéad Chogadh Domhanda agus faoin mbaint a bhí ag Éirinn, ag an Astráil agus ag an Nua-Shéalainn leis; faoin teach mór agus na daoine a bhí ina gcónaí ann; ar éagsúlacht creidimh; faoi litríocht na hÉireann agus na nÉireannach thar lear; agus faoi chuimhne agus faoi mhiotais i litríocht agus stair na hÉireannach. Beidh fáilte roimh pháipéir nó sheisiúin chomhchéime faoi ábhair a thugann léargas ar an ‘gcoimhthíoch’: dreamanna nó daoine atá scoite amach ó ghnáthshaoil agus ó ghnáthstair na hÉireann.

Is dócha go mbeidh príomhchainteoirí ann mar a leanas: Toby Barnard, Comhalta Emeritus, Coláiste Hertford, Oxford; Margaret Kelleher, Ollamh le Litríocht agus Drámaíocht Angla-Éireannach, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; agus Guy Beiner, Léachtóir Sinsearach, Ollscoil Ben-Gurion an Negev, Iosrael. Beidh príomhsheisiúin na Comhdhála ar siúl ar 19 agus 20 Meitheamh, agus ar an 18ú lá beidh roinnt imeachtaí ar siúl i mBaile Átha Cliath a bhaineann leis an ócáid.

Is iad tionólaithe na Comhdhála Philip Bull (An Roinn Staire, Ollscoil Latrobe, [P.J.Bull@latrobe.edu.au](mailto:P.J.Bull@latrobe.edu.au)), Oona Frawley (An Roinn Béarla, Maigh Nuad, [Oona.Frawley@nuim.ie](mailto:Oona.Frawley@nuim.ie)) agus Pauric Travers (An Roinn Staire, An Roinn Staire, Coláiste Phádraig, Droim Chonrach, [Pauric.Travers@spd.dcu.ie](mailto:Pauric.Travers@spd.dcu.ie)).

Tá fáilte roimh pháipéir 20 nóiméad le teideal agus le hachóimriú 100 focal, nó roimh sheisiúin chomhchéime faoi shaintéamaí agus fad deich nóiméad leo. Ba cheart iad a chur isteach faoi 16 Eanáir 2015 chun [P.J.Bull@latrobe.edu.au](mailto:P.J.Bull@latrobe.edu.au).



## Sintéisiú na Gaeilge

Den chéad uair riamh tá sintéisiú gutha ar fáil i nGaeilge, a bhuíochas sin ar [abair.ie](http://www.abair.tcd.ie/) (<http://www.abair.tcd.ie/>). Déanann an sintéisiú caint bheo den fhocal scríofa. Rud é atá an-choitianta anois, agus anseo tá sé ar fáil i dteanga na nGael. Cuir isteach píosa Gaeilge sa bhosca cuí ar an scáileán, cliceáil ar ‘Déan sintéis’ agus tiontófar é go Gaeilge Uladh nó go Gaeilge Chonnacht.

Bíonn an sintéisiú bunaithe ar chaint nádúrtha. Sníomhann an sintéiseoir fuaimeanna na cainte le chéile chun abairtí nua a ghineadh de réir an tsleachta chlóite. Tá an suíomh áirithe seo curtha ar fáil ag an [An tSaotharlann Foghraíochta agus Urlabhra](#), Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide, Coláiste na Tríonóide.

Rinneadh a lán taighde chun teacht ar an toradh seo. Ón Aontas Eorpach a fuarthas an maoiniú chuige, agus rinneadh an buntaighde mar chuid den tionscadal WISPR (Acmhainní Próiseáil Urlabhra don Bhreatnais is don Ghaeilge). Rinneadh an obair i gcomhpháirt le hOllscoil Bangor na Breataine Bige agus le taighdeoirí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ó Institiúid Teangeolaíochta Éireann. Baineadh feidhm as Gaeilge Uladh ar dtús agus as Gaeilge Chonnacht ina dhiaidh sin. Anois taimid ag fanacht le Corca Dhuibhne.

Chuirfeadh an toradh iontas ort. Níl sé gan locht ar fad (tá an chaint beagán stadach ansiúd is anseo) ach is gaisce é mar sin féin. Is féidir leat anois *An Lúibín* a chóipeáil isteach sa bhosca agus é a chlosteáil á léamh os ard – más fiú leat é.



### **An file ag labhairt**

Is fiú píosa le hAlan O’Riordan a léamh san *Irish Examiner*: agallamh leis an bhfile Louis de Paor. Seo sliocht as an méid a dúirt Louis:

Ninety per cent or more of our lived historical experience has been though the Irish language. English has no direct access to that experience. It can only translate it. I think part of our unease with Irish is that it makes us feel foreign in our first language, and nobody likes to feel foreign at home. But we are at least partly estranged, remote from a significant part of ourselves, if we insist on being confined to English. Pre-Famine Irish-speaking Ireland and post-Famine English-speaking Ireland are two different worlds. I can’t go back there, but as someone who has learned Irish, I can at least try to get closer to that past without which we are disconnected, disinherited of what is legitimately and uniquely ours.<sup>1</sup>

Déarfadh mórán daoine go bhfuil deireadh déanta leis an seansaol agus go bhfuil tús spleodrach curtha le saol nua Béarla in Éirinn. Is féidir beatha na sinsear a aistriú go teanga an lae inniu, más gá. Ní argóint gan fuaimint í. Ach is beag léitheoir de chuid *An Lúibín* a shéanfadh nach bhfuil an ceart ag Louis i ndeireadh na dála. Tá bunús lena thuairim freisin maidir le hAstráiligh arbh as Éirinn dá sinsir, ó thug a bhformhór siúd an Ghaeilge leo agus níor thréig siad sa tír nua í. Ní mór duit Gaeilge a bheith agat chun a ndúchas a thuiscint go hiomlán, in Éirinn agus san Astráil féin.



### **Fút féin atá sé: foghlaim na Gaeilge**

Is minic na hÉireannaigh ag cur an mhilleáin ar dhaoine eile nó ar rudaí eile má theip orthu Gaeilge a fhoghlaim ar scoil. Níl an milleán sin gan bhunús: mar a dúradh cheana in *An Lúibín*, níl an curaclam ná na modhanna teagaisc gan locht, agus fágann sin a rian go hindíreach ar staid na teanga thar lear. Ach is é dearcadh na nÉireannach i leith na teanga an fhadhb is mó: nó sin é an tuairim atá ag Dermot McNally, colúnaí de chuid an *Journal* (‘Let’s stop the blame game about learning Irish,’ *The Journal*, Aibreán 2014).<sup>2</sup>

<sup>1</sup> Alan O’Riordan: ‘Cork poet Louis de Paor: Irish language links us write back to our roots’, *Irish Examiner*, 7 Lúnasa 2014: <http://www.irishexaminer.com/lifestyle/features/irish-links-us-write-back-to-our-roots-278568.html>

<sup>2</sup> Dermot McNally, ‘Let’s stop the blame game about learning Irish,’ *The Journal*, Aibreán 2014: <http://www.thejournal.ie/readme/let%E2%80%99s-stop-the-blame-game-about-learning-irish-1382723-Apr2014/>

Ba dhóigh le McNally agus é ar scoil gur chur amú ama an Ghaeilge. Chaith sé ceithre bliana déag ag gearán fúithi. Níos faide anonn, áfach, thug sé faoi líofacht a bhaint amach inti, rud a thug léargas eile dó ar a chuid seantuarimí agus ar thuairimí an phobail. Níl suim aige anois sna sean-nathanna faoin easpa cumais atá ar na hÉireannaigh maidir le teangacha. Tar éis an tsaoil, is cosúil Éire le tíortha eile an Bhéarla. Daoine a thógtar le Béarla cloíonn siad leis.

Dar le McNally, ba é an fhadhb is mó a bhí aige an dearcadh a bhí aige agus b'éigean dó an dearcadh sin a athrú. Is dóigh leis anois nach mór an leithscéal leamh úd 'Nílim go maith chun teangacha a fhoghlaim' a chaitheamh i gcártaí. Más féidir leat Béarla a fhoghlaim is féidir leat teanga ar bith a fhoghlaim, mura bhfuil fíordheacracht foghlama agat.

Agus in Éirinn caithfear an gliceas acadúil a chur san áireamh. Is iomaí dalta a chuireann an treise ar shé ábhar Ardteiste amháin chun an méid ceart pointí a fháil. Shíl McNally agus é ina dhalta go raibh an iomarca staidéir ag teastáil i gcás na Gaeilge, teanga nach rachadh ar sochar dó, dar leis, sa domhan mór. Ba bheag an t-ionadh nach raibh Gaeilge ar a thoil aige ag fágáil na scoile dó, agus is coitianta an rud é Gaeilge a bhrú i leataobh ar an dóigh seo sna scoileanna.

Fágann seo nach é an curaclam ná modhanna teagaisc is mó is cúis le laige na Gaeilge agus teangacha eile in Éirinn agus i dtíortha eile an Bhéarla. Is é an chúis is mó atá léi ná gan buntáistí na dteangacha eile a thuiscint agus gan dalta a ghríosú dá réir chun iad a fhoghlaim. Is leor le Béarlóirí an Bhéarla. Is é bun agus barr an scéil go ndéanann daoine dátheangacha tréanriacht ar an dara teanga a fhoghlaim agus dá threise í an iarracht is ea is mó an rath. Is maith an rud é, mar a deir mo dhuine, go bhfuil na Gaelscoileanna ann, agus b'fhéidir go gcuideoidís le teangacha iasachta a chur á saothrú.

Is dócha go bhfuil roinnt mhaith den cheart ag mo dhuine. I ndeireadh na dála, is féidir le gach duine a d'fhoghlaim Gaeilge riamh, is cuma cá háit, an t-eolas sin a chur chun sochair dó féin. B'fhéidir go bhfuil saol nua ag teacht a ghríosódh daoine chun é sin a dhéanamh.

Tá dhá chlár faisnéise raidió ann a bhaineann leis an scéal:

[http://newstalk.ie/player/podcasts/Documentary\\_on\\_Newstalk/Newstalk\\_Documentaries/58011/1/documentary\\_on\\_newstalk\\_foreign\\_teanga](http://newstalk.ie/player/podcasts/Documentary_on_Newstalk/Newstalk_Documentaries/58011/1/documentary_on_newstalk_foreign_teanga)

[http://newstalk.ie/player/podcasts/Documentary\\_on\\_Newstalk/Newstalk\\_Documentaries/52936/1/documentary\\_turas\\_learning\\_irish\\_in\\_east\\_belfast](http://newstalk.ie/player/podcasts/Documentary_on_Newstalk/Newstalk_Documentaries/52936/1/documentary_turas_learning_irish_in_east_belfast)



## Gaelscoilis

Is fiú súil a thabhairt ar chaint den tsraith shuimiúil TEDx atá le fáil ar an Idirlíon agus 'Irish Language Immersion Linguistics' mar theideal uirthi. Sa chaint seo cuireann Breandán Mac Ardghail síos ar an gcanúint chraiceáilte úd, an Ghaelscoilis, meascán seiftiúil de Ghaeilge agus de Bhéarla. Tá céim BA agus MA aige sa Nua-Ghaeilge agus tá sé ag déanamh staidéir ar theangeolaíocht fheidhmeach i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath. Sa bhliain 2012 bhí sé ina mhúinteoir cunta in Ollscoil Montana faoi choimirce scéim Fullbright.

Ní léir go fóill an criól í an Gaelscoilis. Is tábhachtaí an taobh séimeantach di ná an taobh comhréireach: i.e. is tábhachtaí an teachtaireacht ná an ghramadach. Tá a ngramadach féin á cumadh ag daltaí gaelscoile agus tairbhe glic á bhaint as an mBéarla chuige, a leithéid seo: 'Caithfidh siad ar ais as' (*they have to back off*). Glacann siad agus cloíonn siad le nósanna cainte a mbaicle féin. Sna gaelscoileanna foghlaimítear méid mór Gaeilge i dtréimhse ghearr; ansin tagann maolú fada ar an bhfoghlaim sin agus beartaíonn na daltaí a gcanúint féin. Ach ní mór an tairbhe an chanúint chéanna amuigh sa saol: níl sí casta a dóthain agus iompaíonn na daltaí ar an mBéarla dá bharr. Deir Mac Ardghail go gcaithfear leas a bhaint as cumas teanga na ndaltaí chun Gaeilge níos casta a chumadh.

Féach <http://www.thejournal.ie/readme/irish-language-immersion-linguistics-1550357-Jul2014/>.



## **Daniel Mannix: His Legacy**

*Curtha in eagar ag Val Noone (starai) agus ag Rachel Naughton (cartlannaí)*

*Melbourne Diocesan Historical Commission*

***Bailiúchán páipéar faoin Ardeaspag Daniel Mannix, pearsa shuntasach i stair na hÉireann sa chéad chuid den 20ú haois agus ceannaire na hEaglaise Caitlicí in Melbourne na hAstráile***

- \*Patrick Morgan agus Brian Costar: *Dhá achoimriú ar bheatha Mannix in Melbourne*
- \*Michael McKernan agus Val Noone: *Mannix ag cur i gcoimne an choinscríofa sa Chéad Chogadh Domhanda*
- \*Brenda Niall: *Cén fáth ar chónaigh Mannix sa teach mór in Kew, Melbourne*
- \*Elizabeth Malcolm: *Mannix agus na cartúnaithe*
- \*David Schütz: *achrann idir Mannix agus an tArdeaspag Anglacánach sna 1930í*
- \*Dermot Keogh (Acadamh Ríoga na hÉireann): *Athscrúdú ar thionchar Mannix ar Éirinn*
- \*Patrick Mannix: *An ceangal idir Mannix agus Éamon de Valera*
- \*Gabrielle McMullen: *Cén fáth ar thacaigh Mannix le Coláiste Newman (coláiste Caitliceach) ag Ollscoil Melbourne ach nár mhol go mbunófaí ollscoil Chaitliceach*
- \*Réamhrá leis an Easpag Denis Hart agus achoimriú leis an starai Edmund Campion

**Le láinseáil ar 17 September 2014 (5.30-7.30) ag an Catholic Theological College, 278 Victoria Parade, East Melbourne.**



### **Earráid bheag**

Is oth linn a rá gur éirigh linn Aidan *Doyle* a thabhairt ar Aidan Foyle ag pointe éigin san alt **Fiorstaid na Gaeilge** in *An Lúibín* 4/8/2014.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leaganacha Simplithe

### Seimineár léinn Éireannaigh i gColáiste Newman, Ollscoil Melbourne, 19 Lúnasa 2014

Liz Rushen: 'An Ocean of Uncertainty: Irish female migrants to colonial Australia'

Staráí is ea Liz Rushen. Tá suim mhór aici sna mná a tháinig ó Éirinn go dtí an Astráil roimh an Drochshaol. Thug sí caint ag seimineár i gColáiste Newman (Ollscoil Melbourne) ar an naoú lá déag de Lúnasa 2014. Thug sí cuntas ar na mná go léir a tháinig ó Éirinn agus ó Shasana de réir scéime a chuidigh leo le fordheontas.

Idir na blianta 1832 agus 1836 tháinig timpeall ceithre mhíle bean chun na hAstráile ar an dóigh sin. Bhí trí mhíle duine acu gan phósadh. Bhí timpeall míle is ceithre chéad Éireannach ina measc. B'éigean dóibh coinníollacha a chomhlíonadh: iad a bheith idir cúig bliana déag agus tríocha bliain d'aois, an tsláinte a bheith acu, ceird nó scil eigin a bheith acu. Ceisteofaí go géar iad féachaint an raibh siad oiriúnach.

Bhí na húdaráis ag cuimhneamh ar an easpa mhór ban a bhí ar na coilíneachtaí. Ar dtús bhí na húdaráis ag smaoinreamh ar mhná bochta a sheoladh amach. Ansin thosaigh mná meánaicmeacha ag baint tairbhe as an scéim. Tháinig mórán acu lena muintir agus thugaidís litreacha leo a chuirfeadh in aithne do dhaoine tábhachtacha iad.

Ba mhinic nár fháiltigh na coilínigh roimh na mná seo. Tháinig mórán ban ina n-aonar, agus shíl Liz gur chuir mná neamhspleácha inni ar fhir sa chultúr sin.

Mná ó Éirinn is mó a bhíodh á maslú. Deirtí go raibh siad 'ruining all classes of the population'. Bhí Gaeilge ag cuid mhaith de na mná úd agus ní raibh Béarla ar bith ag roinnt acu. Phósaidís na hÉireannaigh sin athdhaoránaigh Shasanacha.

### Fút féin atá sé: foghlaim na Gaeilge

Is minic na hÉireannaigh ag cur an mhilleáin ar dhaoine eile nó ar rudaí eile má theip orthu Gaeilge a fhoghlaim ar scoil. Ach is é dearcadh na nÉireannach i leith na teanga an fhadhb is mó: sin é an tuairim atá ag Dermot McNally, colúnaí de chuid an *Journal* (iris Éireannach).

Níor mhaith le McNally an Ghaeilge ar scoil. Tamall maith ina dhiaidh sin d'athraigh sé a thuairim agus d'éirigh sé líofa. Níl suim aige anois sna sean-nathanna faoin easpa cumais atá ar na hÉireannaigh maidir le teangacha. Tar éis an tsaoil, is cosúil Éire le tíortha eile an Bhéarla.

Deir McNally gurb é an fhadhb is mó a bhí aige an dearcadh a bhí aige. Nuair a bhí sé ar scoil sheachain sé an Ghaeilge san Ardteistiméireacht toisc go raibh an iomarca staidéir ag teastáil chun pointí a fháil. Ba bheag an t-ionadh nach raibh Gaeilge ar a thoil aige ag fágáil na scoile dó.

Ní thuigtear in Éirinn ná i dtíortha eile an Bhéarla céard iad na buntáistí a bhaineann le dteangacha eile. Is leor le Béarlóirí an Béarla. Deir McNally gur maith an rud é go bhfuil na Gaelscoileanna ann chun daltaí a dhéanamh líofa, rud a chuideoidh leo agus teangacha iasachta i gceist.

## Forlónadh

*Ceithre dhán le Colin Ryan. Foilsíodh leaganacha de thrí cinn de na dánta seo in Feasta (Lúnasa 2014),*

### Gruagaire

Níor iarr sí air an phearsa úd  
a nochtadh sa ghloine,  
na sinsir anaithnide  
a chur ar taispeánt  
is an ghruaig ag titim faoin siosúr

bhí na héadaí á mbaint di  
na cnámha ag lonrú faoin gcneas  
thóg sí a lámh á cuardach féin  
ach ní bhfuair a méara an tathag

nó gur fhiafraigh an gruagaire di  
an mbainfeadh sé di an cloigeann

### Brídeoga

Na gúnaí brídeoige i gcónaí  
ag pósadh a chéile  
i bhfuinneog an tsiopa:  
ná déanaigí a dúirt sí de chogar  
ná déanaigí é mar tiocfaidh an scaradh  
ach lean siad orthu ag nascadh  
ag borradh go brónach  
le dóchas

### Traenacha

B'fhéidir go scríobhfadh sé  
an leabhar úd (an leabhar  
a bhí scríofa cheana istigh ann)  
faoin saol úd i dtír eile  
lán de gháire dóite, de ghéaga céasta

ach d'fhan sé anois ag crosaire comhréidh  
is na traenacha ag teacht ó am a bhí caite  
ag tarraingt ar bheatha  
nach raibh fós inbhreactha

### An cogadh thall

B'in é an cogadh, a dúradh leo, thall ansiúd  
is breathnaigh siad air le spéis,  
an deatach mar smál ar dhoimhne an aeir,

rud éigin ag bogadh go brúidiúil  
ar chiumhais an tsléibhe

is téad scipeála  
ag casadh léi féin sa chlós  
is guth gearrchaile  
ag áireamh na scáileanna